

Ábhar

Mic Léinn Mheiriceánacha

Mír Éisteachta

**Siobhán Ní Chonchúir ag caint faoi
mhic léinn Mheiriceánacha.**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Mic Léinn Mheiriceánacha

Réamhobair

- Beidh tú ag éisteacht le Siobhán Ní Chonchúir a bhíonn ag obair le mic léinn Mheiriceánacha a thagann go hÉirinn i gcomhair tréimhse staidéir. Labhraíonn sí faoi na difríochtaí a thugann sí faoi deara idir na mic léinn sin agus mic léinn na hÉireann. Pléigh féin agus an duine in aice leat cad iad na difríochtaí sin sula n-éistean sibh leis an mír.
- Féach ar na haidiachtaí thíos a d'fhéadfá a úsáid chun cur síos ar dhaoine – cé mhéad díobh a thuigeann tú? Scríobh isteach sa bhosca thíos iad chun idirdhealú a dhéanamh idir cinn dhearfacha, cinn dhiúltacha agus cinn atá idir eatarthu. An bhfuil mórán díobh a bhféadfá malairt brí a chur ar fáil díobh?

ciallmhar, tuisceanach, leisciúil, trioblóideach, uaillmhianach, díograiseach, searbhasach, leithleasach, sotalach, cineálta, lán de cheol, spráúil, gealgháireach, cumasach, cosantach, leadránach, séimh, réchúiseach, aisteach, cainteach, stuama, achrannach, éirimiúil

Dearfach	Idir Eatarthu	Diúltach

- Déan liosta aidiachtaí a chuirfeadh síos ar mhic léinn Éireannacha.

Éisteacht

Anois éist leis an mír agus freagair na ceistanna seo:

1. Cad iad na haidiachtaí a mbaineann Siobhán úsáid astu chun cur síos a dhéanamh ar na mic léinn Mheiriceánacha?
2. Cén míbhuntáiste a luann sí a bhaineann leis an gcumarsáid rialta a dhéanann siad leis an mbaile?
3. Cad iad na nithe a thugann na mic léinn Mheiriceánacha faoi deara faoi na mic léinn Éireannacha?

Iarobair: Tasc 1

- Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigh na boscaí seo a leanas. Déan iarracht an méid is féidir a rá faoi gach ceann. Ansin roghnaigh ceann amháin agus scríobh na pointí a phléigh tú faoin mbosca sin.

1. Na tréithe ba mhaith liom a bheadh ag duine a mbeinn ag roinnt tí leis.	2. Na tréithe a bhaineann leis an gcara is fearr atá agam.	3. Na tréithe a bhaineann leis an duine is mó a chuir isteach orm i mo shaol.	4. Na tréithe ba mhaith liom a bheadh ag an duine a rachainn ag taisteal leis/léi.
5. Na tréithe a bhí ag an múinteoir is fearr a bhí agam.	6. Na tréithe is fearr/is measa atá ag baill de mo theaghlach.	7. Na tréithe atá ag an réalt is mó ar mhaith liom bualadh leis/léi.	8. Tréithe a chuireann soir mé!

Iarobair: Tasc 2

- Lig ort go bhfuil tú ag lorg duine chun teach a roinnt leis / léi. Cum fógra beag ag rá cén cineál duine atá ag teastáil agus déan an fógra a thaifeadh.
nó
- Tá tú ag cur isteach ar chomórtas de do rogha féin. Caithfidh tú cur síos tarraingteach a dhéanamh ort féin ag cur béime ar na scileanna atá ag teastáil don chomórtas. Déan taifeadh ar do pháirt.

Iarobair: Tasc 3

Léigh an cur síos thíos ar na tréithe a luaitear le do Réalta. Pléigh féin agus an duine in aice leat an méid a deirtear faoi bhur Réalta agus scríobhaigí cinn nua daoibh féin. Léigh na cinn eile – an bhfuil cur síos eile ann a bheadh níos oiriúnaí duit? An ngéilleann tú do na réaltaí? An léann tú iad? Cén fáth?

Réalteolas*

<p>AN tUISCEADÓIR (<i>AQUARIUS</i>)</p> <p><u>Eanáir 21-Feabhra 19</u></p> <p>Is duine neamhspleách tú. Tá tú an-chairdiúil agus an-dílis ach is féidir leat a bheith an-cheanndána. Is fuath leat cur i gcéill agus tá tú an-éirimíúil.</p>	<p>NA hÉISC (<i>PISCES</i>)</p> <p><u>Feabhra 20-Márta 20</u></p> <p>Is duine luathintinneach, neamhchinnte tú. Is minic tú tuirseach agus drochspin ort. Tá tú dílis agus flaitiúil.</p>	<p>AN REITHE (<i>ARIES</i>)</p> <p><u>Márta 21-Aibreán 20</u></p> <p>Duine an-láidir tú agus is breá leat tosú ar rudaí nua. Tá tú uaillmhianach ach is féidir leat a bheith leithleasach.</p>	<p>AN TARBH (<i>TAURUS</i>)</p> <p><u>Aibreán 21-Bealtaine 21</u></p> <p>Is duine foighneach, láidir tú, ach bíonn tú éadmhar uaireanta. Tá spéis agat i gcúrsaí spóirt agus is maith leat taisteal.</p>
<p>AN CÚPLA (<i>GEMINI</i>)</p> <p><u>Bealtaine 22-Meitheamh 21</u></p> <p>Is maith leat comhlúadar agus tá tú go maith le daoine. Is maith leat a bheith i bhfeighil ach bíonn tú mífhoighneach uaireanta.</p>	<p>AN PORTÁN (<i>CANCER</i>)</p> <p><u>Meitheamh 22-Iúil 23</u></p> <p>Is duine ainmhianach tú. Réitíonn tú go maith le daoine, ach uaireanta bíonn tú cúthail. Is breá leat ceol agus damhsa.</p>	<p>AN LEON (<i>LEO</i>)</p> <p><u>Iúil 24-Lúnasa 23</u></p> <p>Is duine neamhspleách féinspéiseach tú. Is breá leat do shaoirse; is minic tú ceanndána ach is cara maith tú. Tá do mhuintir an-tábhachtach duit.</p>	<p>AN MHAIGHDEAN (<i>VIRGO</i>)</p> <p><u>Lúnasa 24-Meán Fómhair 23</u></p> <p>Is duine praiticiúil agus eagraithe tú. Uaireanta is féidir leat a bheith cantalach, agus bíonn tú ródháiríre go minic.</p>
<p>AN MHEÁ (<i>LIBRA</i>)</p> <p><u>M. Fómhair 24-D. Fómhair 23</u></p> <p>Is duine caoin, cneasta, cineálta tú. Oibríonn tú go han-chrua agus is annamh a bhíonn fearg ort. Ní bhíonn tú leisciúil riamh.</p>	<p>AN SCAIRP (<i>SCORPIO</i>)</p> <p><u>D. Fómhair 24-Samhain 22</u></p> <p>Is féidir leat a bheith an-deas nó an-ghránna! Tá tú an-rómánsach agus bíonn tú i gcónaí i ngrá. Tá tú an-rúnda agus coinníonn tú do shaol pearsanta príobháideach.</p>	<p>AN SAIGHDEOIR (<i>SAGITTARIUS</i>)</p> <p><u>Samhain 23-Nollaig 22</u></p> <p>Tá tú lán d’fhuinneamh agus bíonn imní ort i gcónaí faoi dhaoine eile. Is duine an-chliste tú ach déanann tú rudaí gan smaoineamh go minic.</p>	<p>AN GABHAR (<i>CAPRICORN</i>)</p> <p><u>Nollaig 23-Eanáir 20</u></p> <p>Is duine an-chiallmhar tú agus is breá leat eagar agus ord i do shaol. Bíonn tú an-néata, ach is féidir leat a bheith thar a bheith goilliúnach.</p>

* ‘Réalteolas’ le cead ó Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh

Roghnaigh trí cinn de na boscaí thuas agus scríobh cur síos ar an méid atá i ndán don té a bhfuil an comhartha sin aige don tseachtain amach romhainn.

Iarobair: Tasc 4

Luann Siobhán na haidiachtaí ‘leithscéalach’ agus ‘indíreach’ le hÉireannaigh. An bhfuil sé seo fíor, dar leat? Cén íomhá d’Éireannaigh a bhíonn ag daoine thar lear? Pléigh seo le duine eile agus scríobh próifíl ghearr ar thréithe mhuintir na hÉireann a bheadh oiriúnach le cur i leabhar taistil nó i leabhar d’fhoghlaimoirí Gaeilge faoi chultúr na hÉireann.

Feasacht Teanga

(a) Déanann Siobhán tagairt do shlite níos béasaí chun rudaí a iarraidh ar dhaoine.

‘lón an fhoirm’ ‘ar mhiste leat an fhoirm a líonadh?’

Cuir an struchtúr céanna i bhfeidhm ar na habairtí seo:

1. Tabhair síneadh ama dom do m’aiste.
2. Abair liom cén tionscadal atá le déanamh agam.
3. Bí níos soiléire i do léachtaí!
4. Éist liom!
5. Déan an tionscadal in éineacht liom.
6. Faigh an clár ama.
7. Ith lón liom.
8. Tar i gcomhair caife liom.
9. Téigh go dtí an leabharlann.

(b) Féach ar na frásaí thíos. Cad iad na cinn atá níos foirmiúla?

1. Tá brón orm cur isteach ort.
2. Tú saor?
3. An bhfuil nóiméad agat?
4. An bhfuil tú saor faoi láthair?
5. Is oth liom a chur in iúl duit.
6. Tá brón orm a rá.
7. Táim chomh míshásta.
8. Tá mo chroí briste.
9. Caithfidh mé mo mhíshástacht a chur in iúl.
10. Is trua liom do scéala.
11. Brón orm.
12. Tá *sorry* orm.

(c) Déan iarracht na colúin thíos a cheangal. An bhfuil aithne agat ar dhaoine a bhféadfá na frásaí a úsáid le cur síos orthu?

- | | |
|--------------------------------|-----------------------------|
| 1. chomh folláin | a. le capall |
| 2. chomh lag | b. le snaois |
| 3. chomh cruinn / sprionlaithe | c. le heascann |
| 4. chomh sásta | d. le breac |
| 5. chomh dall | e. leis na cait |
| 6. chomh láidir | f. le rí / le muc i gclábar |
| 7. chomh sleamhain | g. le lúidín an phíobaire |
| 8. chomh dícheallach | h. leis na beacha |
| 9. chomh marbh | i. le luch |
| 10. chomh mall | j. le sciathán leathair |
| 11. chomh tirim | k. le sicín |
| 12. chomh ciúin | l. le seilide |
| 13. chomh díomhaoin | m. le hart |

1	2	3	4	5	6	7

8	9	10	11	12	13

Téipscript

Bíonn an-chuid plé agatsa, a Shíobhán, le mic léinn a thagann anseo ó Mheiriceá. An dtugann tú aon difríochtaí cultúrtha faoi deara idir na mic léinn sin agus mic léinn na hÉireann?

Tugaim roinnt mhaith difríochtaí faoi deara – ceann de na difríochtaí a thugaim faoi deara ná cé chomh dearfach agus féinmhuiníneach agus uailmhianach a bhíonn na scoláirí seo maidir lena dtodhchaí agus gach aon rud atá ar bun acu. Bíonn siad ana-dhóchasach. Agus sin rud ana-dheas agus...nílim ag rá nach bhfuilimidne mar Éireannaigh mar sin agus is dóigh liom go mbímid ábhairín beag níos ciniciúla b'fhéidir i gcomparáid leis na scoláirí seo a bhíonn ana-dhóchasach.

Rud eile a thugaim faoi deara ná an méid cumarsáide a bhíonn acu leis an mbaile. Nuair a bhíos ag staidéar thar lear ar *Erasmus* blianta fada ó shin sa Fhrainc chuirinn glaoch ar an dtigh ag baile b'fhéidir uair sa choicís ach bíonn siad seo ar...bíonn guthán póca acu, bíonn siad ar an ríomhphost, bíonn siad ar *Facebook* agus bíonn cumarsáid laethúil acu lena gcairde agus lena gclann ag baile. Agus i slí amháin tá sé seo go hiontach ach ar shlí eile braithim féin go dtógann sé ábhairín beag ón taithí a bhíonn acu anseo in Éirinn, mar gach uair an chloig a chaitheann siad ar *Facebook* nó a chaitheann siad ar an ríomhphost, sin am a d'fhéadfadh a bheith caite acu ag bualadh le daoine Éireannacha nó amuigh timpeall na cathrach ag déanamh rudaí difriúla, *so* sin rud eile a thugaim faoi deara atá difriúil.

Rud eile a thugaim faoi deara ná...tá ana-thaithí acu ar rudaí a bheith curtha ar fáil dóibh agus seirbhísí ana-phroifisiúnta agus ana-mhaith a bheith ar fáil dóibh san Ollscoil agus sin...sin rud eile a thugaim faoi deara.

Seachas sin, is dócha, bíonn rudaí beaga a thugann siadsan faoi deara mar gheall orainne. Ceann acusan, rud éigin a chuireann i gcónaí ag gáirí iad, ná cé chomh hindíreach a bhímid sa chumarsáid agus cé chomh leithscéalach. Mar shampla, má bhímse ag iarraidh orthu rud éigin a dhéanamh deirim 'ar mhiste leat?', 'an cuma leat?', 'má bhíonn am agat an bhfuil seans ann go líonfá an fhoirm sin?', mar shampla. Slí ana-indíreach chun rudaí a dhéanamh agus rudaí a iarraidh ar dhaoine. Dá dtarlódh sé sin i Meiriceá déarfaidís 'líon an fhoirm sin, le do thoil'. *So* sin rud beag a thugann siad faoi deara. Agus an méid cupaí tae a ólaimid is dócha!